

Polasaí Rollacháin Scoil Naomh Gobnait
16281 A 066 9156411

Cuirfear fáilte roimh an leanbh ar scoil aon uair tar éis a cheathrú lá breithe nuair a bheidh sé i dteideal teacht, de réir rialacha na Roinne agus de réir cúrsaí árachais.

Cuimhneofar, áfach ar na cuinsí seo:

- ❖ An leanbha bheith oiriúnach don scoil, dar leis na tuismitheoirí.
- ❖ B'fhearr go dtosnódh an leanbh ar scoil ag tús téarma, ar a shon féin agus ar son na ndaltaí eile ar scoil.
Cuirfear fáilte speisialta roimh an leanbh ag tús téarma an tsamhraidh. Bíonn an aimsir oiriúnach, bíonn mórán imeachtaí amuigh fén spéir agus bíonn seans maith aige meascadh leis na daltaí eile agus aithne a chur orthu. Chomh maith leis sin, ullmhaíonn sé an leanbh chun tosnú i gceart tar éis an tsamhraidh ag tús na scoilbhliana nua.
- ❖ Pléifear é sin ar fad leis na tuismitheoirí tamall sara dtosnaíonn an leanbh ar scoil.

- ❖ Toisc gur scoil Ghaeltachta Scoil Naomh Gobnait, déanfar iarracht ar an leanbh a ullmhú don scoil ó thaobh na Gaeilge de, go mbeidh se ábalta sásamh agus taitneamh a bhaint as ab scoil agus go mbeidh an Ghaeilge mar theanga chumarsáide ó thús.
Tarlóidh sé seo, go háirithe i gcás an linbh nach í an Ghaeilge a theanga dhúchais, nó go bhfuil na tuismitheoirí tar éis teacht isteach sa cheantar ó nGalltacht.
- ❖ Cuirfear iúl dos na tuismitheoirí gurb í an Ghaeilge gnáth-theanga chumarsáide na scoile agus go gcabhródh sé go mór leis an leanbh, agus le leanai eile na scoile, dá mbeadh ullmhúchán déanta acu leis.
- ❖ Moltar dóibh an leanbh a chur go dtí an Naíonra agus moltar dos na tuismitheoirí féin an Ghaeilge a úsáid aige baile leis an leanbh chomh fada agus is féidir leo.
- ❖ Más rud é na fuil an Ghaeilge ar a dtoil ag na tuismitheoirí, moltar dóibh freastal ar chúrsa Gaeilge, go bhfuil mórán acu sa dúthaigh.
- ❖ Más rud é go bhfuil dalta ag tosnú ar scoil atá tar éis bheith ag freastal ar scoil eile sa cheantar, téann an príomhoide i gcomhairle le príomhoide na scoile sin chun dea-mhéin a chothú idir na scoileanna.

Foirm Iontrála

Scoil Naomh Gobnait, Dún Chaoin

Fón: 066 9156411

Ainm iomlán an dalta: _____

Seoladh: _____

Dáta Breithe: _____

Ainm na dTuismitheoirí / na gCaomhnóirí:

1. _____

2. _____

Slí Bheatha: _____

Creideamh: _____

Uimhir fóin baile: _____

Uimhir fóin oibre: _____

Uimhir fóin eile: _____

Cúrsaí Sláinte: _____

Aon eolas eile: _____

Síniú Tuismitheoirí / Caomhnóirí:

1. _____

2. _____

Beidh ar gach tuismitheoir / caomhnóir an cód smachta agus an ráiteas sábháilachta a léamh agus a shíniú le bhúr dtoil.

Iarrtar oraibh teastas breithe agus teastas baistí a chur ar fáil dúinn leis.